Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10642 — CENTRAL / SIGNA / SELFRIDGES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 139/06)

1. An 21 Márta 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Harng Central Department Store Limited ("Central", an Téalainn),

— SIGNA Holding GmbH ("SIGNA", an Ostair),

— SFP Holdings Limited, Selfridges Manchester Limited agus SHEL Holdings Europe Limited (le chéile "Selfridges", an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Selfridges Group Limited (Ceanada).

Gheobhaidh Central agus SIGNA rialú comhpháirteach ar Selfridges de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— **Central:** Tá Central gníomhach ar fud an domhain in eastát réadach, i ngníomhaíochtaí miondíola, san fháilteachas agus i mbialanna, san Áise Thoir Theas go príomha. San Aontas Eorpach, tá Central gníomhach san earnáil miondíola san Iodáil faoin meirg "la Rinascente", sa Ghearmáin faoin meirg "The KaDeWe Group" agus sa Danmhairg faoin meirg "Illum". Déanann sé gníomhaíochtaí forbartha maoine sa Ghearmáin, sa Danmhairg agus san Iodáil freisin,

— **SIGNA**: Tá SIGNA gníomhach go príomha in dhá réimse gnó: trádáil mhiondíola agus eastát réadach. Sa trádáil mhiondíola, oibríonn sé slabhra siopaí táirgí neamhbhia sa Ghearmáin ("GALERIA") agus sa Bheilg ("INNO"). Tá siopaí speisialta brící agus moirtéil earraí spóirt aici chomh maith, chomh maith le roinnt siopaí ar líne faoi na meirgí "SportScheck" agus "SIGNA Sports United Group". Thairis sin, tá siopaí troscáin san Ostair, chomh maith le dhá shiopa troscáin ar líne ("kika" agus "Leiner"). San eastát réadach, díríonn SIGNA ar cheannach, cíos, léasú agus bainistiú talún agus foirgneamh chomh maith le forbairt tionscadail. Tá maoin eastáit réadaigh faoi úinéireacht aici go príomha san Ostair, sa Ghearmáin, i dTuaisceart na hIodáile agus san Eilvéis. Tá só-óstáin i bhfeidhm san Ostair agus san Iodáil freisin,

— **Selfridges**: Tá Selfridges gníomhach go príomha i miondíol táirgí neamhbhia a lena n-áirítear táirgí áilleachta, éadaí ban, éadaí fear, éadaí leanaí, coisbheart, gabhálais agus earraí tí. Tá trí mheirg oibriúcháin ar leithligh i ngnó miondíola Selfridges: "Selfridges", "De Bijenkorf" agus "Brown Thomas agus Arnotts" le siopaí atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, in Éirinn agus san Ísiltír, ardáin dhigiteacha ghaolmhara, agus úinéireacht ar shealúchais eastáit réadaigh sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10642 — CENTRAL / SIGNA / SELFRIDGES

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË